C/2025/4189

23.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12020 — INVESTINDUSTRIAL / DCC HEALTHCARE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4189)

1. An 15 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— HealthCo Investment Limited ('HIL', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Investindustrial S.A. ('Investindustrial Group', an Ríocht Aontaithe),

— DCC Vital Limited (Éire), HBI Health & Beauty Innovations Limited (Éire) agus DCC Healthcare UK Limited (an Ríocht Aontaithe) (le chéile 'DCC Healthcare') faoi rialú DCC Plc.

Gheobhaidh HIL rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DCC Healthcare.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta é HIL a bhainistítear go neamhspleách, atá i seilbh indíreach ag cistí a chomhairlíonn/a bhainistíonn cuideachtaí de chuid Investindustrial Group, ar grúpa infheistíochta agus comhairleach Eorpach é de chuideachtaí infheistíochta a bhainistítear go neamhspleách, cuideachtaí sealbhaíochta agus cuideachtaí comhairleacha airgeadais. Díríonn punann Invest Industrial Group ar cheithre phríomhréimse infheistíochta: monaraíocht thionsclaíoch; tomhaltóirí; cúram sláinte agus seirbhísí,

— Is é DCC Healthcare rannán cúraim sláinte DCC plc, atá ag feidhmiú thar dhá phríomhdheighleog san Eoraip: (i) Sláinte & Áilleacht, forbairt conarthaí agus monarú forlíontaí cothaitheacha agus táirgí áilleachta; agus (ii) Vital, soláthar feistí leighis agus táirgí cúraim sláinte eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12020 — INVESTINDUSTRIAL / DCC HEALTHCARE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu
Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË